An Garda Síochána

Irish

DO SHEIRBHÍS PHÓILÍNEACHTA

IN ÉIRINN IDIRCHULTÚRTHA

AN GARDA SÍOCHÁNA

DO SHEIRBHÍS PHÓILÍNEACHTA

IN

ÉIRINN IDIRCHULTÚRTHA

ÁBHAR	LEATHANACH
Gluais na dTéarmaí	3
Brollach	4
Intreoir	5
An Garda Síochána	5
Fís/Misean/Luachanna	7
Íospartaigh coireachta	7
Oifig an Gharda Síochána um Chiníochas agus Ilchultúachas	8
Oifigigh Tadhaill Eitnigh	8
Oifig na gCeart Daonna	9
Seirbhísí Óige	9
Ceartas Aisiríoch	10
An tSeirbhís Inimirce	10
Sainmhíniú Teagmhais Chiníoch	11
Cad ba chóir duit a dhéanamh má thugtar íde béil ciníoch duit	11
Na Dlíthe um Thrácht ar Bhóithre	12
Na dlíthe faoi ord poiblí	14
Foréigean Teaghlaigh	16
Mí-úsáid Drugaí	16
CNCCI	17
Seicliostaí: • Más íospartach thú • Má ghabhtar thú • Má chuardaítear thú • Cleachtas Cúirte	18
Cleachtas Gearán	20
Uimhreacha Teileafóin agus Seoltaí Úsáideacha	21

Gluais na dTéarmaí a úsáidtear sa Leabhrán seo;

Teaghlaigh	baineann seo le do bhaile
Feithicil	gluaisrothar, carr, veain, leoraí, bus, srl.
Ionchúiseamh	nuair a dhéantar caingean dlí in aghaidh duine os comhair na gcúirteanna
Ionsaí	Is éard atá i gceist le hionsaí ná aon fhorneart a dhéanann iarmhairt ar chorp duine eile nó a thugann le fios do dhuine eile go mbeidh sé faoi réir fhorneart neamhdhleathaigh.
Cion	mionghníomh, mionchoir nó míghníomh neamhdhleathach
Coir	gníomh nó iompar tromchúiseach a sháraíonn an dlí
Reachtúil	rud a theastaíonn de réir an dlí, a chuirtear i bhfeidhm go dlíthiúil
Reachtaíocht	dlíthe na tíre
Druga Rialaithe	is substaintí iad na drugaí atá rialaithe in Éirinn a bhfuil sé in aghaidh an dlí bheith ina seilbh nó iad a sholáthar
An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE)	Tagraíonn sé seo do thíortha uile an Aontais Eorpaigh agus cuimsíonn sé freisin an Íoslainn, Liechtenstein agus an Iorua.
Garda	Focal Gaeilge, an t-ainmfhocal uatha a úsáidtear do phóilín
Ceartas Aisiríoch	Is réimse é an ceartas aisiríoch a bhfuil forbairt á déanamh air, mar a dtugtar aird bhreise ar riachtanais na n-íobartach
Teagmhas Ciníoch	Aon teagmhas a fheictear don íospartach, nó d'aon duine eile, a bheith ciníoch

BROLLACH

Tá sé ina thraidisiún seanbhunaithe ag an nGarda Síochána, do sheirbhís phóilíneachta in Éirinn, daoine a chosaint agus freastal a dhéanamh orthu. Is é an léibhéal insroichte is airde a bhaint amach maidir le cosaint phearsanta, tiomantas don phobal agus slándáil stáit a bhaint amach, beag beann ar chine, aois, mhíchumas, inscne, ghrúpa eitneach, chlaonadh gnéasach nó dhílseacht pholaitiúil. Agus an méid sin á chur san áireamh agat is féidir leat bheith ag súil le seirbhís ón nGarda Síochána atá an-ghairmiúil ar fad, agus í bunaithe ar chaighdeáin cheart daonna agus ar chleachtais chothroma a dhíríonn ar phrionsabal an mheasa do gach duine gan aon idirdhealú a dhéanamh.

Is achoimre gearr é an leabhrán seo ar ghnéithe de dhlí na hÉireann ar féidir go rachaidís i bhfeidhm ar dhaoine ina saol laethúil. Is féidir eolas níos mionsonraithe a fháil ó fhoireann Oifig an Gharda Síochána um Chiníochas agus Ilchultúrachas, atá freagrach as comhordú, as monatóireacht agus as comhairle a thabhairt faoi gach gné den phóilíneacht i réimse na héagsúlachta eitní agus cultúrtha. Táimid tiomanta d'fheabhsú ár straitéise trí fhoghlaim, trí nuálaíocht agus trí athrú.

Coimeád an leabhrán seo, más é do thoil é, mar fhoinse úsáideach eolais, agus ba mhaith liom a chur in iúl duit freisin go bhfuil líon oifigeach tadhaill eitnigh oilte ag an nGarda Síochána agus is féidir teagmháil a dhéanamh leis na hoifigigh seo in aon Stáisiún Garda.

_____

Noel Ó Conaire

Coimisinéir an Gharda Síochána

Éire Idirchultúrtha – An Garda Síochána

Do Sheirbhís Phóilíneachta

INTREOIR

Táirgeadh an leabhrán seo – ***Éire Idirchultúrtha – An Garda Síochána – Do Sheirbhís Phóilíneachta*** mar fhoinse eolais do gach mionlach eitneach in Éirinn le tuiscint a éascú maidir le ról an Gharda Shíochána agus maidir leis na seirbhísí a sholáthraíonn siad.

Is é Ráiteas Misin An Gharda Síochána ná ***an leibhéal insroichte is airde a bhaint amach maidir le cosaint phearsanta, tiomantas don phobal agus Slándáil Stáit baill an Gharda Síochána.*** Tá coincheap na Póilíneachta Pobail i gcroílár na póilíneachta in Éirinn agus déanann baill an Gharda Síochána a ndícheall cinntiú go seachadtar seirbhís d'ardchaighdeán do gach duine atá ina c(h)ónaí sa tír seo. Sa leabhrán seo tabharfar míniú gonta ar struchtúir eagraíochta an Gharda Shíochána, a chroífheidhmeanna póilíneachta agus déanfar cur síos gonta ar dhlíthe sin na hÉireann ar féidir go rachaidh siad i bhfeidhm orthu ina saol laethúil.

AN GARDA SÍOCHÁNA – Seirbhís Phóilíneachta na hÉireann

Is é 'An Garda Síochána' seirbhís phóilíneachta Phoblacht na hÉireann. Tá An Garda Síochána neamhspleách ó thaobh oibriúcháin de ach tá sé cuntasach don phobal, don Dáil agus don Rialtas trí mheán an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Tá na cúirteanna go hiomlán neamhspleách.

Is é An Garda Síochána a chleachtaíonn gach feidhm phóilíneachta sa tír seo. Tá sé freagrach as gach imscrúdú coiriúil, as forfheidhmiú na ndlíthe um thrácht ar bhóthre, as coimeád an oird phoiblí, as rialú inimirce, as forfheidhmiú na ndlíthe drugaí agus soláthraíonn sé seirbhís slándála an stáit. Agus na rudaí seo á ndéanamh aige bíonn sé ag iarraidh seasamh le cearta daonna gach duine sa stát agus iad a chosaint. Is fórsa póilíneachta é An Garda Síochána a chloíonn le cearta an duine.

Tá 14,000 comhalta ag an nGarda Síochána faoi láthair. Ina theannta sin tá foireann iomlán shibhialta tacaíochta, Cúltaca Garda san áireamh, ar comhaltaí deonacha iad ón bpobal ar mian leo cabhrú lena seirbhís phóilíneachta.

Tá oifig Choimisinéir an Gharda Síochána i gCeanncheathrú an Gharda Síochána, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8. Tá Coláiste an Gharda Síochána, mar a gcuirtear i gcrích oiliúint,

oideachas agus forbairt na nGardaí, suite sa Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann.

Seo a leanas céimeanna An Gharda Síochána;

- Coimisinéir
- Leas-Choimisinéir
- Coimisinéir Cúnta
- Ard-cheannfort
- Ceannfort
- Cigire
- Sáirsint
- Garda

Earcú

Ní mór d'aon duine ar mian leis/léi bheith ina c(h)omhalta den Gharda Síochána na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh;

- Mianach maith a bheith ann/inti
- Deimhniú a bheith aige/aici go bhfuil sláinte mhaith fhisiciúil agus mheabhrach aige/aici; ní mór go n-éireodh leis/léi i scrúdú fisiciúil.
- Bheith idir 18-35 bliain d'aois
  Bheith ina s(h)aoránach de bhallstát de chuid an AE; nó bheith ina s(h)aoránach de thír de chuid an Limistéir Eacnamaíoch Eorpaigh nó de Chónaidhm na hEilvéise, nó
  Bheith ina t(h)eifeach de réir Acht na nDídeanaithe 1996, nó
  é/í a bheith ina c(h)ónaí sa Stát ar feadh tréimhse dlíthiúla de chúig bliana, na 12 mhí comhleanúnacha seo caite san áireamh.
  grád nach lú ná B3 a bheith faighte san Ardteistiméireacht i matamaitic ag an mbonnleibhéal nó D3 ag leibhéal eile, agus grád cáilithe in dhá theanga; ní mór gur Béarla (grád nach lú ná D3 ag an ngnáthleibhéal) nó Gaeilge (grád nach lú ná C3 ag an mbonnleibhéal nó D3 ag leibhéal eile) a bheadh i gceist le ceann de na teangacha seo, agus grád nach lú ná D3 ag an ngnáthleibhéal in dhá ábhar eile, ar a laghad, nó an grád tuillteanais san Ardteistiméireacht Fheidhmeach, nó a gcoibhéis i scrúdú eile

Oiliúint

Roinntear an oiliúint bhunúsach i gcúig chéim thar thréimhse de dhá bhliain mar seo a leanas:

- Céim 1: 22 seachtaine ag Coláiste an Gharda Síochána, An Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann.
- Céim 2: 22 seachtaine ag stáisiúin roghnaithe le hoidí Garda.
- Céim 3: 16 seachtaine ag Coláiste an Gharda Síochána d'oiliúint bhreise.

- Céim 4: 36 seachtaine mar Gharda ar promhadh leis na cumhachtaí céanna is atá ag gcuid eile den fhórsa.
- Céim 5: Filleadh go Coláiste na nGardaí ar feadh 4 seachtaine le hoiliúint a chur i gcrích agus le céimniú mar Ghardaí

- I measc na n-ábhar a ndéantar staidéar orthu tá Dlí, Staidéar Sóisialta, Teoiric na Póilíneachta, Cumarsáid, Gaeilge, Oiliúint Fhisiciúil, Staidéar Teicniúil agus Teangacha Eorpacha

Fís

'Daoine den scoth a sheachadann póilíneacht den scoth'

Misean

An leibhéal insroichte is airde a bhaint amach maidir le Cosaint Pearsanta, Tiomantais don Phobal agus Slándáil Stáit.

Luachanna

- Meas a bheith ar dhaoine agus ar a gcuid riachtanas
- Cosaint Cheart Daonna
- Seirbhís phoiblí chúirtéiseach agus chomhbhách a chur ar fáil
- Cothabháil chomhpháirtíochtaí leis an bpobal
- Glacadh le freagracht aonair
- Cinntiú cuntasachta follasaí poiblí
- Soláthar ceannaireachta eiticiúla
- Cleachtadh gairmiúlachta disciplínithe
- Bheith ionraic agus firinneach agus cloí le prionsabail an chothromais agus an cheartais
- Cothú éagsúlachta de gach cineál agus glacadh leis an éagsúlacht sin
- Foghlaim leanúnach agus cuimsiú athraithe

ÍOSPARTAIGH COIREACHTA

Rinneadh athbhreithniú ar Cairt an Gharda Síochána d'Íospartaigh na Coireachta le hionchais reatha tacaíochta na n-íospartaigh a chur san áireamh chomh maith le forbairtí nua inár seirbhísí agus inár ngréasáin tacaíochta d'íospartaigh. Foilsítear i naoi dteanga í ar shuíomh idirlín an Gharda, www.garda.ie. I gCairt athbhreithnithe an Gharda Síochána íospartaigh coireachta leagtar amach na seirbhísí agus na caighdeáin seachadta seirbhíse a bhfuil an Garda Síochána tiomanta dá seachadadh do gach d'íospartaigh. Pléifear le gach íospartaigh ar bhealach **cúirtéiseach, cabhrach, ómósach agus gairmiúil** ag gach comhalta den Gharda Síochána.

"Ciallaíonn íospartaigh aon duine nó grúpa a fhulaingíonn dochar go haonarach nó mar ghrúpa, go díreach nó go hindíreach, mar thoradh ar choir nó eachtra thrámach, a éilíonn freagracht ón nGarda Síochána."

As seo amach atreoróidh na Gardaí íospartaigh coireachta chuig líne chabhrach Náisiúnta na nÍospartaigh Coireachta ……..1850 211 407.
Déanfar íospartaigh coireachta ar turasóirí iad a atreorú go Seirbhís na hÉireannum Chúnamh do Thurasóirí (SECT)……01 4785295.

OIFIG AN GHARDA SÍOCHÁNA UM CHINÍOCHAS AGUS ILCHULTÚRACHAS (OGSCI)

Bhunaigh Coimisinéir oifig an Gharda Síochána um Chiníochas agus Ilchultúrachas i Mí Aibreáin 2000. Tá baill foirne na hoifige freagrach as comhordú, monatóireacht agus soláthar comhairle faoi gach gné den phóilíneacht i réimse na héagsúlachta eitní agus cultúrtha.
Teagmháil: Rannóg Chaidrimh Phobail, Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.
Teil: 6663150, Facs: 6663801 R-phost: crimprev@iol.ie

OIFIGIGH TADHAILL EITNIGH

I 2002 d'údaraigh Coimisinéir na an Gharda Síochána ceapachán Oifigigh Tadhaill Eitnigh don Gharda. Tá 400 Oifigigh Tadhaill Eitnigh oilte ar fáil ag na Gardaí ar bhonn náisiúnta; seo a leanas an ról atá acu…

- Tadhall a dhéanamh le hionadaithe de phobail mhionlaigh eitnigh agus de ghrúpaí nach bhfuil sé éasca teagmháil a dhéanamh leo.
- Mionlaigh eitnigh a chur ar an eolas faoi sheirbhísí na nGardaí
- Monatóireacht a dhéanamh ar theagmhais chiníocha
- Aiseolas a sholáthar d'íospartaigh teagmhas ciníoch
- Tadhall a dhéanamh le híospartaigh teagmhas ciníoch agus cinntiú go dtugtar cosaint shásúil dóibh
- Tadhall a dhéanamh le heagraíochtaí áitiúla a sholáthraíonn tacaíocht d'íospartaigh coireachta, agus cinntiú go mbíonn baill na mionlach eitneach ar an eolas faoi sheirbhísí áitiúla agus náisiúnta tacaíochta d'íospartaigh
- Tacú le comhtháthú trí chothú rannpháirtíocht bhaill na bpobal mionlaigh eitnigh in imeachtaí sóisialta de chuid na nGardaí/de chuid an phobail ar leibhéal áitiúil, Faire Comharsanachta, Pobal-ar-Aire agus tionscnaimh eile phóilíneachta pobail
- Tionscnaimh a fhorbairt ag leibhéal an phobail le comhtháthú a éascú agus a spreagadh.
- Cabhrú le himscrúdú a dhéanamh ar theagmhais chiníocha agus cinntiú go mbíonn meicníochtaí oiriúnacha tacaíochta ar fáil ag baill na mionlach eitneach, eadhon: ateangairí/aistritheoirí, tacaíocht teaghlaigh, riachtanais chultúrtha
- Monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh seirbhísí oiriúnacha póilíneachta do phobail na mionlach eitneach
- Cuairt a thabhairt ar Ionaid Fháiltithe d'Iarrthóirí Tearmainn agus do Theifigh agus cinntiú go mbíonn cónaitheoirí na n-

áiteanna seo ar an eolas faoi sheirbhísí na nGardaí agus faoi ról Oifigigh Tadhaill Eitnigh na nGardaí

Oifigigh Tadhaill Eitnigh agus Aíonna agus iad ag freastal ar an gComhdháil Náisiúnta sa Teampall Mór, 2006.

OIFIG NA gCEART DAONNA

Tá Oifig na gCeart Daonna suite i gColáiste an Gharda Síochána. Bunaíodh an Oifig i 1999 agus pléitear ann le hoiliúint na nGardaí agus le polasaí oideachasúil i réimse na gceart daonna. Tá sainchúram comhairliúcháin aici freisin le hEagraíochtaí Neamhrialtais agus le grúpaí pobail ar fud na tíre, agus spreagtar feasacht aici faoi na cearta daonna in eagraíocht na nGardaí.
Teagmháil: Coláiste Oiliúna an Gharda síochána, An Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann.
Teil: 0504 35498, Facs 0504 35451, R-phost: ghrights@eircom.net.

CLÁR ATREORAITHE NA nGARDAÍ

De réir Acht na Leanaí 2001, is féidir breithniú a dhéanamh faoi rabhadh a thabhairt do leanaí idir aois 12 agus 18 nuair a dhéantar cion, agus a ghlacann le freagracht as a n-iompar ciontach faoi Chuid 4 den Acht, de rogha ar ionchúiseamh. Déanann Oifigigh Tadhaill Óige (OTÓ) measúnú ar gach cás agus déantar moladh faoin gceist ar chóir rabhadh a thabhairt don leanbh seachas iad a ionchúiseamh sna cúirteanna.

Bunaithe ar mholadh OTÓ socraíonn Ceannfort de chuid na nGardaí, a cheaptar ag Coimisinéir na nGardaí mar Stiúrthóir an Chláir Atreoraithe, faoin Acht, ar chóir leanbh a thabhairt isteach sa chlár nó

nár chóir. Má thugtar leanbh isteach mar gheall ar chion ar leith, stiúraíonn an Stiúrthóir an OTÓ le rabhadh a thabhairt don leanbh, go foirmeálta nó go neamhfhoirmeálta, ag brath ar chineál an chiona.

Tugann an OTÓ rabhaidh neamhfhoirmeálta don leanbh agus é/í i gcuideachta na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí i Stáisiún Garda, i mbaile an linbh nó in áit oiriúnach eile.

Is é Oifigeach an Cheantair áitiúil (Ceannfort na nGardaí) a thugann rabhaidh foirmeálta, é sin nó OTÓ atá oilte i gcúrsaí eadrána, do leanbh agus é/í i gcuideachta na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí i Stáisiún Garda nó in áit oiriúnach eile. Bíonn tréimhse mhaoirseachta 12 mhí i gceist tar éis rabhaidh fhoirmeálta; le linn na tréimhse seo déantar monatóireacht ar iompar an linbh ag an OTÓ, a dhéanann a dhícheall cabhrú leis an leanbh bheith ag feidhmiú mar dhuine a chuireann le leas na sochaí.

CEARTAS AISIRÍOCH

I dtosca áirithe is féidir cuireadh a thabhairt d'íospartaigh iompair dhuine óig freastal a dhéanamh ar ócáid an rabhaidh. Tugtar rabhadh aisiríoch air seo. Tugtar deis don íospartaigh casadh ar an duine a bhí freagrach as an dochar a rinneadh agus tugtar deis don chiontóir leithscéal a ghabháil agus/nó cúiteamh a dhéanamh. Ina theannta sin is féidir le héascaitheoir an rabhaidh cuireadh a thabhairt d'aon duine eile teacht chuig an gcomhdháil má bhíonn siad in inmhe cabhrú le hathrú iompar an linbh. Tugtar Comhdháil Aisiríoch air seo.

SEIRBHÍSÍ INIMIRCE

Forfheidhmíonn comhaltaí an Gharda Shíochána dlíthe inimirce i gcalafoirt agus in aerfoirt, mar shampla. Mar an gcéanna le mórchuid na dtíortha tá dianrialú i bhfeidhm ag pointí iontrála go Poblacht na hÉireann.

Tá ar shaoránaigh nach den Limistéar Eorpach Eacnamúil iad dlíthe inimirce na hÉireann a chomhlíonadh. Teastaíonn pas bailí ó gach duine ó taobh amuigh den AE. Teastaíonn víosa iontrála ó shaoránaigh a lán tíortha le dul go Poblacht na hÉireann. Ar theacht chuig an tír do na daoine seo ní mór dóibh dul chuig Oifigeach Inimirce.

Tá ar shaoránaigh tíortha nach mbaineann leis an LEE clárú ar bhonn bliantúil leis an Oifig um Chlárú Inimirce, Cé de Búrca, Baile Átha Cliath 2, más rud é go bhfuil siad ina gcónaí i mBaile Átha Cliath nó in Oifig Cheannfort áitiúil na nGardaí má tá siad ina gcónaí taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Tá comhalta den Gharda Síochána i dteideal taispeáint teastais chláraithe a éileamh i gcás inimirceach cláraithe nó cárta cónaithe shealadaigh i gcás na n-iarrthóirí tearmainn.

Faoin Acht Inimirce,1999, is féidir leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí orduithe díbeartha a eisiúint i dtaca le saoránaigh nach ó thíortha de chuid an LEE iad nach bhfuil cead acu fanacht go dlíthiúil i bPoblacht na hÉireann. Tá Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce freagrach as forfheidhmiú orduithe díbeartha.
Sonraí teagmhála: Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce, Cé de Búrca, Baile Átha Cliath 2. Fón: 01 6669108.

SAINMHÍNIÚ TEAGMHAIS CHINÍOCH

"*Aon teagmhas a bhfeictear don íospartach nó d'aon duine eile a bheith ciníoch.*"

CAD BA CHÓIR DUIT A DHÉANAMH MÁ THUGTAR ÍDE BÉIL CINÍOCH DUIT NÓ MÁ DHÉANTAR IONSAÍ CINÍOCH ORT

- Is féidir le haon duine a cheapann go raibh siad páirteach i dteagmhas ina raibh cinícochas i gceist tuairisc a thabhairt faoin teagmhas ag aon Stáisiún Garda.
- Iarrfar orthu ráiteas gearáin a dhéanamh i dtaca leis an teagmhas
- Ba chóir d'íospartach ainm an Gharda a iarraidh atá ag déanamh imscrúdaithe ar a g(h)earán sa tslí gur féidir leis/léi fanacht ar an eolas faoi dhul chun cinn an imscrúdaithe.

Winnie Keenan agus Caroline Keane, Pavee Point, ag tabhairt aithisc ag Comhdháil na nOifigeach Tadhaill Eitnigh.

NA DLÍTHE UM THRÁCHT AR BHÓITHRE

1. Ceadúnas Tiomána, Árachas, Cáin agus An Tástáil Náisiúnta Gluaisteán (TNG)

- Sular féidir aon mhótarfheithicil a thiomáint in áit phoiblí ní mór do dhuine bheith i seilbh ceadúnais tiomána reatha nó ceadúnais tiomána sealadach; ní mór go gclúdódh catagóir an cheadúnais an duine le bheith in ann an fheithicil ábhartha a thiomáint, .i. Aicme A/gluaisrothair, Aicme B/gluaisteáin, srl.
- Déanann rialacháin an Aontais Eorpaigh feithiclí a chatagóiriú do chuspóirí ceadúnaithe na dtiománaithe. Sna rialacháin dearbhaítear íosaois cheadúnaí chatagóir na feithicle freisin. Seasann litir aicme, m.sh. A, B, C, srl. do gach ceadúnas (catagóir na feithicle atá an ceadúnaí i dteideal tiomáint).
- Faightear ceadúnais tiomána ón Údarás Áitiúil (an chomhairle áitiúil). Is féidir foirmeacha iarratais a fháil ón Údarás Áitiúil nó ó aon Oifig Phoist nó ó aon Stáisiún Garda. Ní dheonfar ceadúnais ach amháin nuair a chuirfear i gcrích scrúdú teoirice, i gcás ceadúnais shealadaigh, nó scrúdú tiomána i gcás ceadúnais iomláin.

2. Cáin bhóthair agus árachas

- Sular féidir í a thiomáint in áit phoiblí ní mór gach feithicil a chur faoi árachas. Ní mór cáin bhóthair a íoc leis an údarás áitiúil do gach feithicil atá cláraithe in Éirinn agus ní mór an diosca árachais agus an diosca cánach a bheith ar taispeáint ar ghaothscáth na feithicle.
- Is cion é gan an riachtanas thuasluaite a chomhlíonadh agus is féidir go ngabhfar an fheithicil ag na Gardaí dá bharr.
- Ní mór gach leantóir a chur faoi árachas tríú páirtí.
- Baineann an riachtanas seo le feidhm agus an leantóir á tharraingt agus nuair atá sé díchúpláilte agus é páirceáilte in áit phoiblí. Ní mór go mbeadh pláta clárúcháin ag an leantóir freisin ar ionann é agus an pláta atá ar taispeáint ar chúl na feithicle atá á tharraingt. Ní mór soilse cúil agus soilse coscáin atá ag feidhmiú a chur air freisin.
- Ní mór tabhairt faoi deara gur gá gach polasaí árachais a fháil ó chomhlacht árachais iontaofa. Ní cheannaítear árachas ón díoltóir leis an bhfeithicil IN AON AM.

3. An Tástáil Náisiúnta Gluaisteán (TNG)

- Ní mór go n-éireofaí le gach carr atá cláraithe in Éirinn agus atá breis is 4 bliana d'aois sa Tástáil Náisiúnta Gluaisteán. Nuair a éiríonn leis/léi sa tástáil eiseofar teastas agus diosca d'úinéir an chairr. Ní mór an diosca a thaispeáint ar ghaothscáth na feithicle agus tá sé faoi réir athnuachana gach dara bliain ina dhiaidh sin
- Is cion é gan an diosca seo a thaispeáint

4. Úsáideoirí Bóithre agus na Gardaí

Tá na Gardaí freagrach as forfheidhmiú gach Dlí um Thrácht ar Bhóithre agus ní mór cloí le gach comhartha a thugann na Gardaí ag gach am. Ba chóir tabhairt faoi deara nach mór duit na rudaí seo a leanas a dhéanamh nuair a éilíonn comhalta de chuid an Gharda Síochána a leithéid ort:

- Do fheithicil a stopadh
- Ligean do Ghardaí an fheithicil a scrúdú le feiceáil an bhfuil aon mháchail uirthi (Alt 20, An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 faoi mar a leasaíodh é)
- Do cheadúnas tiomána a thaispeáint do na Gardaí ag taobh an bhóthair
- Do dheimhniú árachais nó díolúine a thaispeáint in aon Stáisiún Garda is mian leat laistigh de 10 lá ó éilítear a leithéid ort
- Eiseamal de d'anáil a thabhairt (Alt 12 AuTB 1961/02 faoi mar a leasaíodh é/ Alt 4 AuTB 2006). Is cion é gan an riachtanas seo a chomhlíonadh agus is féidir tú a ghabháil.

Má gabhtar thú as an gcion de bheith ag tiomáint/i gceannas ar fheithicil inneallghluaiste in áit phoiblí agus tú faoi thionchar meiscigh, (Alcól agus/nó Drugaí), ní mór duit dhá eiseamal a thabhairt de d'anáil ag Stáisiún na nGardaí agus/nó eiseamal fola nó múin. Alt 13 AuTB 1994.

5. Taismí Tráchta ar Bhóithre

- Ní mór d'aon tiománaí a bhíonn i dtaisme a f(h)eithicil a stopadh agus fanacht ar láthair an taisme ar feadh tréimhse réasúnta. Má bhíonn na feithiclí ina gconstaic nó ina bhfoinse chontúirte ag úsáideoirí eile bóthair ba chóir suíomh na bhfeithiclí a mharcáil agus ba chóir na feithiclí a bhaint den bhóthar.
- Ní mór do thiománaí a bhíonn páirteach i dtaisme an t-eolas seo a leanas a thabhairt má iarrann Garda a leithéid air/uirthi:
    - Ainm agus seoladh iomlána,
    - An seoladh mar a bhfuil an fheithicil á coimeád ann,
    - Ainm agus seoladh úinéir na feithicle,
    - Uimhir chláraithe na feithicle
    - Fianaise árachais
        - Mura bhfuil Garda i láthair ní mór an t-eolas seo a mhalartú idir na páirtithe atá rannpháirteach sa taisme. Tugtar "soláthar an eolais chuí" air seo
        - Ní mór do thiománaí atá páirteach i dtaisme mar a ngortaítear daoine tuairisc a thabhairt faoin taisme sa Stáisiún Garda is cóngaraí mura dtagann Garda go láthair an taisme
        - Nuair nach bhfuil i gceist ach dochar do réadmhaoin ní gá tuairisc a thabhairt do na Gardaí faoin taisme. Ní mór don tiománaí an t-eolas a luaitear thuas a thabhairt don duine a ndearnadh dochar dá f(h)eithicil nó dá réadmhaoin.

6. Feithiclí Fabhtacha

- Cion atá ann feithicil lochtach a thiomáint in áit phoiblí, Alt 54 AuTB 1961 faoi mar a leasaíodh é.

7. Coigistiú/Urghabháil Fheithiclí

- I gcás tiomána feithicle in áit phoiblí (a) nuair nach bhfuil an tiománaí i seilbh ceadúnais tiomána/ceadúnais shealadaigh ag an am sin, nó (b) nuair nach bhfuil árachas ar an tiománaí le bheith ag tiomáint na feithicle ag an am sin nó (c) i gcás feithiclí atá cláraithe in Éirinn, tá cáin bhóthair na feithicle in éag le 2 mhí nó níos mó is féidir go mbeidh an fheithicil faoi dhliteanas urghabhála ag na Gardaí
- Nuair is buanchónaitheoir de chuid an stáit é úinéir na feithicle agus nuair is feithicil atá i gceist atá á thiomáint ar bhóthar poiblí ach í a bheith cláraithe thar lear ní mór fógra a thabhairt do lucht Custaim agus Máil laistigh de thréimhse 24 uair an chloig ó thugtar an fheithicil isteach sa tír (nuair a bhíonn sé i gceist ag an úinéir an fheithicil chéanna a choimeád sa stát) Alt 140, An tAcht Airgeadais, 2001
- Mura ndéantar an fheithicil a lorg sé seachtaine tar éis í a urghabháil is féidir leis na Gardaí a leithéid d'fheithicil a dhíol/a mhilleadh

8. Sábháilteacht Bhóthair

Is cion é fóin phóca a úsáid le linn duit bheith ag tiomáint in áit phoiblí atá faoi réir pionóis shocraithe de €80 agus 2 phointe pionóis. Ní féidir fóin phóca a úsáid le linn duit bheith ag tiomáint ach amháin le cúnamh gléis a shaorann na lámha. Ní mór tabhairt faoi deara go gcuimsítear cur teachtaireachtaí téacs in úsáid an fhóin.

Ní mór duit tiomáint go cúramach agus go hairdeallach i gcónaí. Freagracht shóisialta agus phearsanta atá i gceist le sábháilteacht ar bhóithre. Ní mór do gach duine againn bheith freagrach go pearsanta agus bheith in ann cuntas a thabhairt ar ár n-iompar féin agus muid ag úsáid mótarfheithicle ar bhóithre na hÉireann. Má thagann tú ar thiomáint chontúirteach nó ionsaitheach cuir glaoch ar Traffic Watch-Faire Tráchta, 1890 205805, agus tabhair tuairisc fúithi, le do thoil. Is cion coiriúil é bheith ag tiomáint ar bhealach atá contúirteach.

Ná tiomáin faoi thionchar alcóil nó drugaí go deo. Ní mór duit crios sabhála a chur ort agus tú ag tiomáint. Ní mór do na paisinéirí crios sabhála a chur orthu freisin. Is cion é bheith ag taisteal i ngluaisteán gan chrios sabhála a bheith ort. Cuimhníonn gur CÚIS BHÁIS É AN LUAS. Tiomáin níos moille agus bainfidh tú do cheann scríbe amach go sábháilte. '*ARRIVE ALIVE*'.

NA DLÍTHE UM ORD POIBLÍ

- Bítear ag súil leis go mbeidh iompar daoine atá in áiteanna poiblí de réir an dlí
- Tá sé de chumhacht ag na Gardaí daoine a stopadh agus /nó a ghabháil atá ólta nó a bhfuil iompar suaiteach ar siúl acu in áiteanna poiblí
- Tá sé de chumas ag Garda a rá le duine éirí as a bheith á iompar féin ar shlí atá suaiteach nó ionsaitheach agus is féidir leis/léi a rá leis an duine nó na daoine sin an áit sin a fhágáil
- Is cion é gan cloí le treoracha Garda sna tosca seo

IONSAÍ

- Is éard atá i gceist le hionsaí ná aon neart a dhéanann iarmhairt ar chorp duine eile nó
- a thugann le fios do dhuine eile go mbeidh sé faoi réir fhornirt neamhdhleathaigh
- Is coir é ionsaí a dhéanamh sa bhaile nó taobh amuigh den bhaile
- Is féidir le Garda duine a ghabháil agus a ionchúiseamh

Tanya Ward, An Chomhairle um Chearta an Duine, agus í ag tabhairt aithisc ag Comhdháil na nOifigeach Tadhaill Eitnigh.

FORÉIGEAN TEAGHLAIGH

- Is coir/ cion é an Foréigean Teaghlaigh
- Má dhéanann aon duine sa bhaile dochar do bhean chéile, do chéile, do pháirtí nó d'aon duine eile sa bhaile, nó má dhéanann siad bagairt nó iarracht a leithéid a dhéanamh, is Foréigean Teaghlaigh é a leithéid
- Cuimsíonn sin dochar fisiciúil, cruáltacht mheabhrach agus mí-úsáid ghnéis.
- Má tá tú ag fulaingt mar gheall ar fhoréigean teaghlaigh tabharfaidh na Gardaí comhairle duit faoi conas Orduithe Cosanta/Urchoisc a fháil ó Chúirt Dúiche le cosc a chur ar mhí-úsáid bhreise
- Beidh Bangharda ar fáil le cabhrú leat más fearr leat sin
- Tá polasaí láidir gabhála i bhfeidhm ag na Gardaí i dtaca le foréigean teaghlaigh agus pléifear leis na teagmhais seo mar cheisteanna an-tromchúiseacha ar fad.
- Is féidir leis na Gardaí eagraíochtaí tacaíochta eile a aimsiú duit agus tú a stiúriú chucu, eagraíochtaí a sholáthróidh comhairliú, comhairle nó tearmann

Cúrsaí Pósta

- Is í an íosaois in Éirinn do phósadh dlíthiúil duine ná 16 bliana d'aois
- Ní mór fógra rúin phósta a thabhairt don chléir áitiúil nó don Chlárlann áitiúil.
    - Ní mór fógra 3 mhí a thabhairt roimh an bpósadh do dhaoine atá thar 18 mbliana d'aois
    - Ní mór fógra 6 mhí a thabhairt i gcás duine atá idir 16 agus 18 mbliana d'aois

- In Éirinn is coir é bheith pósta ar bheirt duine ag an am céanna. Tugtar déphósadh ar an gcoir seo.

Coir Ghnéasúil

- Go ginearálta is í an aois ina bhfuil duine inniúil de réir an dlí le toiliú le gníomh gnéasúil sa dlínse seo ná 17 mbliana d'aois
- Beidh aon duine a thugann faoi nó a dhéanann iarracht tabhairt faoi ghníomh gnéasúil le duine eile nach bhfuil an aois toilithe bainte amach acu fós ciontach i gcion, mura bhfuil siad pósta ar a chéile
- Déanann reachtaíocht na hÉireann soláthar do choir an fhoréignithe idir lánúin phósta

MÍ-ÚSÁID NA nDRUGAÍ

- Is cion é bheith i seilbh drugaí rialaithe nó a bheith á ndíol nó á soláthar.
- Is féidir le Garda duine a stopadh ar an tsráid má chreideann sé/sí go bhfuil aon druga rialaithe i seilbh an duine sin

- Is féidir le Garda duine a chuardach ar an tsráid nó é/í a thabhairt chuig Stáisiún Gardaí do chuspóirí cuardaigh

An Coiste Náisiúnta Comhairleach um Chiníochas agus Idirchultúrachas (CNCCI)

Is comhlacht neamhspleách saineolach é CNCCI a bhíonn ag iarraidh comhairle a sholáthar agus tionscnaimh a fhorbairt le dul i ngleic le ciníochas agus le bheith ag obair i dtreo sochaí níos cuimsithí, níos idirchultúrtha in Éirinn.

'Is cineál sonrach idirdhealaithe agus eisiatachta é an ciníochas a mbíonn ar mhionlaigh chultúrtha agus eitneacha aghaidh a thabhairt air. Tá sé bunaithe ar an gcreideamh bréagach go bhfuil ciníocha ann atá níos fearr go hintreach ná ciníocha eile. Séantar bunchearta daonna, dínit agus ómós ag daoine mar gheall ar chiníochas'. (An Plean Náisiúnta Gníomhaíochta in Aghaidh an Chiníochais 2005-2008).

Ról CNCCI

Bíonn CNCCI ag iarraidh eagraíochtaí rialtais agus neamhrialtais a thabhairt le chéile leis na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Saineolas agus comhairle a thabhairt
- Dul i bhfeidhm ar fhorbairt pholasaí
- Naisc a fhorbairt ar leibhéal Eorpach agus idirnáisiúnta

Cur chuige CNCCI

De réir mar a leantar ar aghaidh le leathnú na héagsúlachta cultúrtha agus eitní in Éirinn, go háirithe de thairbhe inimirce, tá orainn tabhairt faoi dhúshláin le cinntiú go bpléitear go rafar lena leithéid d'athruithe suntasacha. Is é cur chuige CNCCI ná dul i ngleic le ciníochas agus cineálacha idirnáisiúnta cur chuige a chothú i dtaca le comhtháthú trí chomhrá agus trí chomhthoil. Tugann CNCCI faoina ghnó trí Chomhpháirtíocht CNCCI, fóram a éascaíonn rannpháirtíocht chomhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla le dul i ngleic le ciníochas agus le sochaí níos cuimsithí agus níos idirchultúrtha a fhorbairt in Éirinn. Le cabhrú le tosaíochtaí straitéiseacha CNCCI a fhorbairt bunaíodh roinnt fhochoistí agus grúpaí oibre a bhíonn ag díriú ar cheisteanna a bhaineann le himirce, le forbairt phobail agus réigiúnach agus tionscnamh Synergy.